☸An Lúibín☸

14 Meitheamh 2011

An Fiche Bliain atá Romhainn: Taighde agus Teagasc na Gaeilge i Meiriceá Thuaidh

Beidh comhdháil idirnáisiúnta ar siúl ag an **Official Languages and Bilingualism Institute (OLBI)/Institut des langues officielles et du bilinguisme (ILOB)**, Ollscoil Ottawa, Ceanada, 27-28 Deireadh Fómhair, 2011. Féach ***http://www.ilob.uottawa.ca/20bliain***.

Teanga idirnáisiúnta í an Ghaeilge anoisde bharr stádas na Gaeilge a ardú san Aontas Eorpach, na mílte cainteoir líofa a bheith le fáil ar fud an domhain agus méadú mór a theacht ar úsáid na Gaeilge ar an Idirlíon le blianta beaga anuas.

I Mí na Nollag 2010 d'fhoilsigh Rialtas na hÉireann Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, cáipéis a thug aird ar leith ar mhúineadh na Gaeilge in institiúidí tríú leibhéil thar lear d'fhonn an Ghaeilge a chur ar aon chéim le teangacha Eorpacha eile sna hinstitiúidí sin. Tá dul chun cinn mór déanta i Meiriceá Thuaidh go háirithe, áit a bhfuil breis is 40 milliún duine de bhunadh Éireannach agus dea-thoil ag cuid acu don Ghaeilge agus do chultúr na hÉireann.

Is í príomhaidhm na comhdhála seo cuspóir fadtréimhseach a bheartú don Ghaeilge i Meiriceá Thuaidh, cuspóir a bheadh ag cur leis an Straitéis 20 Bliain.

Beidh ceithre sheisiún ann le linn dhá lá na comhdhála:

* ***Dátheangachas***

* ***Teicneolaíocht agus Oideolaíocht***

* ***Taighde agus Scríbhneoireacht na Gaeilge i Meiriceá Thuaidh***

* ***Comhoibriú: Institiúidí Tríú Leibhéal agus Comhphobal na Gaeilge***

♦❖♦❖♦❖♦

***SAOL* ar an idirlíon**

Ón mhí seo ar aghaidh, beidh an nuachtán míosúil *Saol* ar fáil ar líne. Foilsíodh an leagan deireanach clóite den nuachtán an mhí seo caite.

'Saol na Gaeilge' atá i gceist le *Saol*, agus eolas ann ar a mbaineann le ranganna, cúrsaí, ciorcail comhrá, grúpaí cuideachta agus cainte, imeachtaí éagsúla, idir chultúrtha agus shóisialta na Gaeilge, in Éirinn agus i gcéin.

Deir an t-eagarthóir go bhfuil Saol ag teacht i dtír ar an teicneolaíocht agus ar na meáin úra, ach beidh rudaí a raibh éileamh orthu riamh: leathanach na bhfoghlaimeoirí, an crosfhocal agus na hagallaimh.

Tá SAOL ar fáil ar ***http://saol.gaeilge.ie***

♦❖♦❖♦❖♦

Gaeilge údarásach

Tá Rialtas na hÉireann tar éis a chur in iúl cén beartas atá aige i leith threisiú na Gaeilge. Tá Údarás na Gaeltachta le bheith freagrach fós as an nGaeltacht a chur chun cinn i gcúrsaí geilleagair agus cultúir. Ní bord tofa a bheidh aige feasta ach bord ceaptha agus é níos lú, rud a shábhálfaidh timpeall EUR500,000.

Beidh an Roinn in ann ordú don Údarás aird a dhíriú ar réimsí áirithe, agus beidh an tÚdarás in ann dul i gcomhar le gníomhaireachtaí fiontraíochta lasmuigh den Ghaeltacht, go háirithe agus tionscadail an-torthúla i gceist. Tá reachtaíocht á hullmhú dá réir lena cur i bhfeidhm an bhliain seo chugainn. Tá daoine éigin ag cur i gcoinne an tsocrú nua agus barúil acu go mbrisfear an nasc idir an pobal agus an tÚdarás.

De réir reachtaíochta nua eile, tabharfar aitheantas do cheantair Ghaeltachta de réir úsáid na Gaeilge iontu seachas de réir an réigiúin. Caithfear a bheith in ann a thaispeáint go labhraíonn dhá thrian de phobal an cheantair an teanga gach lá de réir figiúirí daonáirimh. Tabharfar stádas reachtúil don 'Ghaeltacht ghréasáin,' ceantair chathrach a bhfuil tacaíocht mhór phobail agus Stáit don Ghaeilge iontu.

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta is mó a bheidh freagrach as an nGaeilge ar fud na tíre, agus tá baint ag Foras na Gaeilge i gcónaí leis an bhForas Teanga ar gach taobh den teorainn.

♦❖♦❖♦❖♦

Oireachtas Gaeilge Cheanada

Cuireadh **Oireachtas Gaeilge Cheanada** ar bun ar mhúnla a leithéidí in Éirinn, agus é de chuspóir aige an dá thrá a fhreastal – an ceol agus an teanga. Féach ***www.oireachtas.ca/***: 1-3 Iúil 2011, Gaeltacht Thuaisceart An Oileáin Úir, 298 Bóthar Gilmore, Tamworth/Erinsville, Ontario. Seo iad na ceoltóirí aitheanta a bheidh ann:

Labhrás Sonaí Choilm Learra, ó Chonamara:
*www.ramblinghouse.org/2010/04/an-jig-gig-returns-to-tg4/
*www.flickr.com/photos/tg4/5071561683/

Meataí Jo Shéamais Ó Flátharta ó Chonamara
Eisean a bhuaigh Corn Uí Riada 2001 (*http://en.wikipedia.org/wiki/Corn_Uí_Riada*). É ina phíobaire agus ina fhliúiteadóir. Ba é Stiúrthóir Ceoil TG4 é.

Máirín Uí Chéide ó Bhostún:
**www.cceboston.org/Mairin Ui Cheide.html*

Celia Ní Fhlátharta ó Chicago:
**http://seannos.org/instruct02.html*

Steafan Hannigan and Saskia Tomkins ó Thoronto:
**www.steafan.com/*
**www.saskiatomkins.com/*

Ní mór focal a chur ar sheomra óstáin ar an bpointe: ***http://www.daysinnkingston.com/Events.html***.

Tá sprioc-am cláraithe na gcomórtas curtha siar anois go dtí 22 Bealtaine 2011
(*www.oireachtas.ca/pdfs/comortaiscomhcheangailte.pdf*)

Tá an sprioc-am áirithinte béilte curtha siar go 22 Bealtaine 2011 freisin:
(*www.oireachtas.ca/pdfs/gineraltacomhcheangailte.pdf*)

♦❖♦❖♦❖♦

Bloomsday in Melbourne

16-17 Bealtaine 2011

2011: James Joyce agus an Náisiún

1. ***An Irishman and a Jew go into a Pub…*** Dráma atá bunaithe ar chaibidil an Chioclóip in *Uiliséas*, agus é á stiúradh ag Brenda Addie. 16 Bealtaine: 1pm agus 8pm. 17 Bealtaine: 8pm $35, nó $25 do lucht cártaí sláinte agus do mhic léinn. THE OPEN STAGE THEATRE, OLLSCOIL MELBOURNE, 757 Sráid Swanston, Carlton.
2. **Seimineár:** ***Joyce and the Nationalists*****,** agus páipéir á léamh ag Val Ó Nuadháin agus ag Frances Devlin-Glass. 16 Bealtaine: 3.30pm. $20/$15. THE OPEN STAGE THEATRE, OLLSCOIL MELBOURNE, 757 Sráid Swanston, Carlton.
3. **Dinnéar:** ***Ag cuimhneamh ar bhás Joyce, 70 bliain ó shin. Céard a d'fhéadfadh Joyce a rá leis an té a scríobh a chuntas iarbháis?*** 16 Bealtaine: 6pm. $45. LA NOTTE RESTAURANT, 140-60 Sráid Lygon, Carlton.

Ní mór áit a chur in áirithe: Bob, (03) 9898 2900.

Féach ***www.bloomsdayinmelbourne.org.au*****.**

◆◆◆

Sa **Danmhairg** féin bíonn **Bloomsday** ann, a bhuíochas sin ar Chumann James Joyce na Danmhairge. Beidh daoine ag teacht le chéile ar 16 Meitheamh 2011 ag Café Bartof, Ndr. Fasanvej 46, 2000 Frederiksberg. Beidh an Dr Maria Eldh ag caint ar Joyce agus ar Uiliséas, beidh Ashplant, grúpa Gael-Dhanmhargach, ag soláthar ceoil, agus beidh a lán saghsanna beorach le fáil.

Féach ***www.joyceselskabet.dk*** (i nDanmhairgis).

◆❖◆❖◆❖◆

Joyce agus an teanga eile

Deirtear go raibh léamh na Gaeilge ag Joyce. Is cinnte go raibh ciall éigin aige do cheist chigilteach an Bhéarla in Éirinn agus dár bhain léi, más féidir an méid sin a dhéanamh amach ó chaint Stephen Dedalus agus é á rá nár leis-sean i gceart, mar Éireannach, focail na teanga úd. D'aontódh Conradh na Gaeilge leis, cé nár ghéill an Joyce riamh do theagasc na hAthbheochana. Eisean, thar aon scríbhneoir eile, a dhaingnigh an Béarla mar theanga na hÉireann i samhlaíocht an domhain, agus cé go bhfuil caint a gcuid pearsana an-Ghaelach, ar éigean a bheadh focal den teanga Ghaeilge ag bunús na scoláirí Seoigheacha.

Paradacsa is ea Joyce, mar sin, ó thaobh na Gaeilge de: ni féidir gan cuimhneamh ar friotal spleodrach *Phairlimint Chloinne Tomáis* agus *Uiliséas* á léamh agat, ach scríobhann Joyce i dteanga atá ar iasacht aige. Mealladh chun na Gaeilge agus tréigean na Gaeilge atá ina shaothar. Is leabhar é *Uiliséas* nárbh fhéidir a scríobh i nGaeilge le linn Joyce féin; tá aigne na cathrach agus na nua-aoiseachais ag baint leis, agus b'éigean dó teacht ar an saol sa teanga ab oiriúnaí dó chun go mbeadh scríbhneoirí Gaeilge in ann an aigne nua a ghlacadh chucu féin.

Is é Máirtín Ó Cadhain an scríbhneoir Gaeilge is gaire don Seoigheach maidir le seiftiúlacht teanga agus intinne. É ar aon chéim leis an Seoigheach i gcúrsaí gearrscéalaíochta, cé gur sháraigh fear Bhaile Átha Cliath mar úrscéalaí é. Bhí cosúlachtaí eile eatarthu – iad araon oilte ar theangacha (bhí Iodáilis ar a thoil ag an Seoigheach ag fágáil na hÉireann dó) agus suim bheo acu san Eoraip. Ach ba radacach é an Cadhnach i gcúrsaí sóisialta agus polaitíochta; d'fhan an Seoigheach, nua-aoisí mór na litríochta, amach ón bpolaitíocht. Dhírigh sé a intinn ar mhionimeachtaí rúnda na beatha agus rinne finnscéal díobh, rud a chuidigh le *Bloomsday* a chur ar siúl.

B'fhiú, b'fhéidir, *Uiliséas* agus na gearrscéalta (fiú *Finnegans Wake*) a thiontú go Gaeilge trí aistriúchán a bheadh chomh seiftiúil, spleodrach, dlúthfhite leis an mbunleagan. Ní mór don Ghaeilge gach ábhar a shlogadh, a chogaint agus a dhíleá chun í féin a chur i gcéim arís mar cheann de na teangacha móra liteartha.

An Afganastáin

Tá deireadh ag teacht leis an eachtra. Tá formhór na saineolaithe ar aon intinn: tá sé in am an Afganastáin a thréigean, le brón, le dea-mhéin agus le faoiseamh. Ó thaobh na hAstráile (tir dhúchais *An Lúibín*) de, tá os cionn scór saighdiúirí maraithe san Afganastáin faoin am seo agus marófar a lán eile má fhanaimid ann. Fógraítear arís agus arís eile go bhfuil an Talaban á lagú; arís agus arís eile tugann siad éitheach don té a d'fhógair. Ní chreideann pobal na hAstráile sa chúis a thuilleadh. Deirtear nach bhfuil Al Qáída ag fáil dídine i measc an Talaban anois (an rud a tharraing isteach sinn sa chéad dul síos) agus nach bhfuil aird ag an Talaban ach ar a ngarraí beag féin. Is léire anois ná riamh go bhfuil rath nó mírath na hAfganastáine ag brath ar na hAfganastánaigh féin.

I measc na bPuistiúnach is treise atá an Talaban, agus os cionn leath na tíre i seilbh na bPuistiúnach céanna, dream ar maith an aire sheachanta iad i gcúrsaí cogaidh. Ní féidir leo, áfach, an chuid eile den tír a fhorghabháil, fiú dá ligfidís amach a neart air, agus an oiread sin dreamanna forránacha eile rompu ar nós na Hasarach. Na tancanna agus lón cogaidh eile a bhí le fáil ón bPacastáin tráth agus a chuir ar chumas na dTalaban na oiread sin dul chun cinn a dhéanamh, níl siad le fáil anois.

Mar seo, is dócha, a bheidh an Afganastáin feasta: í roinnte, ar ndóigh, ina limistéir eitneacha, tiarnaí áitiúla i réim ann agus cuid acu dona go leor, rialtas lárnach ann agus í lag go leor ar a lán dóigheanna, meánaicme oilte sna cathracha móra, agus an Talaban féin ag síothlú de réir a chéile. (Ba dheacair dóibh fanacht ina neart gan spreagadh ón taobh amuigh.) Beidh 'fadhb na mban' ann i gcónaí – fadhb a bhí ag dó na geirbe ag liobrálaigh an Iarthair agus a bheidh ann fós i gceantair áirithe thuaithe. B'fhearr an saol riamh ag na mná i gcathracha ar nós Herat.

Cúrsaí slándála a thug ar na comhghuaillithe a n-aghaidh a thabhairt ar an Afganastáin. San Astráil, ar aon chuma, deirtear anois gur fearr dúinn a bheith san airdeall taobh istigh den tír, rud a thugann, ar ndóigh, cumhacht agus freagracht do na seirbhísí rúnda nach mbeadh oiriúnach i gcónaí.

Ba chasta riamh cás na hAfganastáine, rud nár tuigeadh i gceart agus a dhearmadfar arís, is dócha.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.

Leaganacha simplithe

Gaeilge údarásach

Tá Rialtas na hÉireann tar éis fógra a dhéanamh faoina bheartas nua[1] maidir leis an nGaeltacht agus leis an nGaeilge. Tá Údarás na Gaeltachta le bheith freagrach fós as an nGaeltacht. Is é an Rialtas, áfach, a cheapfaidh baill an Údaráis[2] feasta. Ní thoghfar aon duine[3] ina bhall mar a rinneadh go dtí seo. Deir daoine éigin go mbrisfear an nasc idir an pobal agus an tÚdarás. Beidh an tÚdarás in ann dul i gcomhar le gníomhaireachtaí taobh amuigh den Ghaeltacht.

Tabharfar aitheantas[4] do cheantair Ghaeltachta de réir[5] úsáid na Gaeilge iontu seachas de réir an réigiúin. Tabharfar stádas reachtúil[6] do cheantair chathrach a bhfuil an Ghaeilge go láidir iontu.

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta is mó a bheidh freagrach as an nGaeilge ar fud na tíre.

Joyce agus an teanga eile

Deirtear go raibh léamh na Gaeilge ag Joyce. Is cinnte gur thuig sé ceist chigilteach[7] an Bhéarla in Éirinn agus na cúrsaí[8] a bhain léi. Deir Stephen Dedalus, carachtar a bhí cosúil leis féin, nár leis-sean focail an Bhéarla i gceart.[9] D'aontódh Conradh na Gaeilge leis. Ach ba é Joyce, thar aon scríbhneoir eile, a dhaingnigh an Béarla[10] mar theanga na hÉireann i samhlaíocht an domhain.

Paradacsa is ea Joyce, mar sin, ó thaobh na Gaeilge de.[11] Tá blas na Gaeilge ar an méid a scríobh sé, ach i mBéarla ar fad atá an saothar sin. Saothar é nárbh fhéidir a scríobh i nGaeilge le linn Joyce féin.[12] Tá aigne na nua-aoiseachais[13] ag baint leis, agus b'éigean do Joyce é a scríobh i mBéarla chun go rachadh sé i bhfeidhm ar scríbhneoirí Gaeilge.

Is é Máirtín Ó Cadhain an scríbhneoir Gaeilge is gaire do Joyce[14] maidir le seiftiúlacht[15] teanga agus intinne. Bhí cosúlachtaí eile eatarthu: bhí siad oilte ar[16] theangacha agus bhí suim acu san Eoraip. Ach ba radacach[17] é an Cadhnach i gcúrsaí sóisialta agus polaitíochta. D'fhan Joyce, nua-aoisí[18] mór na litríochta, amach ón bpolaitíocht. Dhírigh sé a intinn ar mhionimeachtaí[19] na beatha.

B'fhiú, b'fhéidir, saothar Joyce a aistriú go Gaeilge. Caithfidh an Ghaeilge gach ábhar a shlogadh chun í féin a chur i gcéim[20] arís mar cheann de na teangacha móra liteartha.

An Afganastáin

---

[1] Faoina bheartas nua – about its new policy

[2] A cheapfaidh baill an Údaráis – which will appoint members of the Authority

[3] Ní thoghfar aon duine – no one will be elected

[4] Tabharfar aitheantas do – recognition will be given to

[5] De réir - in accordance with

[6] Stádas reachtúil – legislative status

[7] Ceist chigilteach – delicate question

[8] Na cúrsaí – the issues

[9] Nár leis-sean focail an Bhéarla i gceart – that he did not properly 'own' the words of English

[10] A dhaingnigh an Béarla – that fixed/secured English

[11] Ó thaobh na Gaeilge de – from the point of view of Irish

[12] Le linn Joyce féin – in Joyce's own time

[13] Aigne an nua-aoiseachais – the mentality of modernism

[14] Is gaire do Joyce – who is closest to Joyce

[15] Seiftiúlacht - resourcefulness

[16] Oilte ar – skilled in

[17] Radacach - radical

[18] Nua-aoisí - modernist

[19] Mionimeachtaí – small events

[20] Í féin a chur i gcéim – to raise its own status

Tá deireadh ag teacht leis an eachtra. Tá formhór na saineolaithe ar aon intinn[21]: tá sé in am an Afganastáin a thréigean. Is minic a fógraíodh go raibh an Talaban á lagú[22]; is minic a tháinig an Talaban ar ais. Is léir go bhfuil rath nó mírath na hAfganastáine ag brath ar na hAfganastánaigh féin.

I measc na bPuistiúnach is láidre atá an Talaban. Tá na Puistiúnaigh go maith chun troid a dhéanamh, ach ní féidir leo an chuid eile den tír a ghabháil gan chabhair ón bPacastáin. Níl an chabhair sin le fáil anois.

Mar seo[23], is dócha, a bheidh an Afganastáin feasta: í roinnte ina limistéir eitneacha[24] faoi smacht na dtiarnaí áitiúla. Beidh an rialtas lárnach lag go leor. Beidh meánaicme oilte[25] sna cathracha móra, agus beidh na mná níos fearr as[26] ansin ná amuigh faoin tuath.

Cúrsaí slándála a tharraing na comhghuaillithe isteach san Afganastáin. Anois deirtear gur fearr dúinn a bheith san airdeall[27] taobh istigh dár dtír féin.

[21] Ar aon intinn – of one mind

[22] Á lagú – being weakened

[23] Mar seo – like this

[24] Roinnte ina limistéir eitneacha – separated into ethnic areas

[25] Meánaice oilte – cultivated middle class

[26] Níos fearr as – better off

[27] Beith san airdeall – be alert